



Róil & Freagrachtaí na bPríomh-Pháirtithe Leasmhara

Múinteoirí Comhoibríocha

Cabhraíonn siad leis an múinteoir faoi oiliúint dul i dtaithí ar: na foghlaimeoirí, an seomra ranga, plean oibre an mhúinteora don rang sin, rialacha agus nósanna imeachta an ranga, agus ról na mball foirne eile a bhfuil baint dhíreach acu leis na foghlaimeoirí sa rang.

Tugann siad deiseanna don mhúinteoir faoi oiliúint breathnóireacht a dhéanamh ar a gcuid teagasc (agus ar theagasc a gcomhghleacaithe).

Cuireann siad an múinteoir faoi oiliúint ar an eolas faoi riachtanais agus gnóthachtálacha foghlaimeoirí.

Déanann siad réimsí den churaclam a shannadh don mhúinteoir faoi oiliúint lena dteagasc, ach beidh an fhreagracht phríomhúil as dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí orthu i gcónaí.

Pléann siad pleanáil agus acmhainní an mhúinteora faoi oiliúint leis nó léi, de réir mar is cuí,

Déanann siad breathnóireacht ar chleachtadh an mhúinteora faoi oiliúint agus tabharfaidh siad aiseolas don mhúinteoir faoi oiliúint ó bhéal nó i scríbhinn ar shlí atá spreagthach agus íogair.

Déanann siad an múinteoir faoi oiliúint a spreagadh agus tacóidh agus cabhróidh siad leis nó léi: machnamh criticiúil a dhéanamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh, raon modheolaíochtaí teagasc éagsúla a úsáid agus éisteacht le haiseolas ó fhoghlaimeoirí agus freagairt dó ar bhealach cuí.

Spreagann siad an mhúinteoir faoi oiliúint chun comhairle agus tacaíocht a iarraidh nuair is gá.

Ligeann siad do mhúinteoirí faoi oiliúint múineadh go neamhspleách, de réir mar a fhorbraíonn siad a gcuid inniúlachtaí (i gcomhréir le riachtanais IAO i ndáil leis an socrúchán sin), agus de réir mar is cuí leis an múinteoir comhoibríoch agus leis an bpríomhoide.

Oibríonn siad i gcomhar leis an múinteoir faoi oiliúint, IAO, an teagascóir socrúcháin agus príomhoide na scoile.

Cuireann siad an príomhoide ar an eolas faoi aon ábhar inné tromchúiseach i ndáil le cleachtadh nó iompar gairmiúil múinteora faoi oiliúint.

Bíonn am roghnach acu fad a bhíonn na múinteoirí faoi oiliúint ag múineadh, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca dóibh caidreamh a dhéanamh leis na múinteoirí faoi oiliúint ag tráthanna eile

<http://www.teachingcouncil.ie/ga/Foilseachain/Oideachas-Muinteoiri/Treoirinte-maidir-le-Socruchain-Scoile.pdf>



Ag tacú leis an ábhar-oide ar Thaití Scoile

Dea-chleachtas do Bhreathnóireacht agus d'Aiseolas an Mhúinteora
Tá sé suas leat féin rogha a dhéanamh ar aiseolas a thabhairt do na mic léinn.

- Labhair leis an mac léinn faoin gceacht gur mhaith leat breathnóireacht a dhéanamh air.
- Socraigh ar am faoi leith chun an aiseolas a thabhairt don mhac léinn.
- Cuir i gcuimhne don mhac léinn nach mbaineann d'aiseolas le meastóireacht ná le measúnú.
- Fiafraigh den mhac léinn an bhfuil gné ar leith dá t(h)aithí gur mhaith leis/léi aiseolas a fháil ina thaobh.
- Do chuid aiseolais a chur in oiriúint do riachtanais mhic léinn ar thaití scoile.
- Cleachtais inmholta an mhic léinn a aithint.

Réimsí Molta Aiseolais (is leor réimse amháin a phlé)

• **Pleanáil agus Ullmhúchán:**

Ábhair acmhainne oiriúnacha a roghnú chun tacú le foghlaim na ndaltaí.

A bheith in ann cuspóirí foghlama soiléire a aithint.

• **Bainistíocht Ranga:**

A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh ar bhonn atá soiléir agus éifeachtach.

A bheith in ann monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht na ndaltaí.

A bheith in ann bogadh timpeall an ranga agus cabhrú sa seomra ranga trí chéile.

• **Straitéisí do Theagasc agus d'Fhoghlaim**

A bheith in ann ábhar acmhainne a úsáid go héifeachtach.

A bheith in ann ceacht a bhogadh ar aghaidh ó thús go forbairt go críoch.

A bheith in ann an bord (clár dubh/clár bán) a úsáid go héifeachtach.

A bheith in ann ceistanna a chruthú agus a scaipeadh.

A bheith in ann tuiscint a iniúchadh trí cheistiú.

• **Measúnacht agus Meastóireacht**

A bheith in ann ceachtanna a thabhairt chun críche.

• **Cáilíochtaí Pearsanta agus Gairmiúlacht**

Ullmhúchán

Poncúlacht

Modh cumarsáide le daltaí agus le pearsanra na scoile

Go raibh maith agat as ucht glacadh le mic léinn ón gColáiste ar Thaití Scoile

Má bhíonn ceist agat ar seo dean teagmháil le: Neil.oconail@mic.ul.ie